



Tuarascáil ar an mBearna Phá idir na hInscní 2024

Clúdach

Walter Frederick Osborne (1859-1903)

The House Builders, 1902

NGI.2536

Clár

Réamhrá	04
Réamhrá	06
1. Torthaí Bearna Phá idir na hInscní	08
a) An Mheánbhearna Phá idir na hInscní	09
b) Bearna Phá Airmheánach idir na hInscní	10
c) Ceathairíleanna Pá	12
d) Luach saothair bónaís agus sochair chomhchineáil	12
2. Anailís agus Príomhléargais	14
a) Cúinsí a bhí leis	14
b) Dul chun cinn agus tionscnaimh	16
3. Ag féachaint chun cinn	17

Réamhrá



Tá áthas orm an chéad Tuarascáil ar an mBearna Phá idir na hinscní de chuid Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann a roinnt. Is cuid thábhachtach dár n-iarracht níos leithne í an tuarascáil seo chun aghaidh a thabhairt ar rannpháirtíocht na mban agus chun deireadh a chur le bearnaí fostaíochta idir na hinscní san ionad oibre. Cé nach réiteoidh an tuarascáil seo amháin na ceistanna a ardaíodh, is céim dhearfach agus rithábhachtach sa treo ceart í.

Cé gur mná iad breis is leath de dhaonra an domhain, tá gannionadaíocht á déanamh fós orthu ar an bhfórsa saothair, rud a théann i bhfeidhm ar an tsochaí agus ar an ngeilleagar araon. Tá ról tábhachtach le himirt ag eagraíochtaí san earnáil phoiblí cosúil linne maidir le dul i ngleic leis seo. Mar institiúid chultúir náisiúnta, tá an Gailearaí tiomanta do shampla a thabhairt agus a thaispeáint conas is féidir le tuairisciú bearna phá idir na hinscní difríocht dhearfach a dhéanamh.

Sa chéad tuarascáil seo, tá áthas orm meánbhearna phá idir na hinscní 0.91% a thuairisciú sa Ghailearaí. É sin ráite, admhaím go bhfuil roinnt oibre fós le déanamh. Ní mór dúinn díriú ar an mbearna phá idir na hinscní d'fhostaithe páirtaimseartha a fheabhsú agus líon na mban sa mheánbhainistíocht a mhéadú.

Mo bhuíochas le fostaithe uile an Ghailearaí a chabhraigh leis an taighde seo, agus leis na ranna a d'oibrigh ar na sonraí a anailísiú agus a fhoilsiú. Tá dul chun cinn á dhéanamh againn i dtreo ionad oibre níos cothroime agus níos córa le chéile.

An Dr Caroline Campbell

Stiúrthóir

Gailearaí Náisiúnta na hÉireann

Grianghraf: Fennell Photography



Réamhrá



Mildred Anne Butler (1858-1941)
A Preliminary Investigation, 1898
NGI.7952

Is é Gailearaí Náisiúnta na hÉireann (an Gailearaí) an phríomhinstitiúid chultúir náisiúnta in Éirinn, atá tiomanta do bhailiú, do chaomhnú agus do chur i láthair na mínealaíne. Le bailiúchán suntasach agus os cionn 17,000 saothar – lena n-áirítear pictiúir, líníochtaí, pictiúir uiscethatha, priontaí, dealbha, agus ealaíona maisitheacha – is acmhainn shuntasach é an Gailearaí don oidhreacht chultúir, a thaispeánann sárshaothair ó stair ealaíne Iarthar na hEorpa agus ó ealaín stairiúil na hÉireann.

Maoinithe go príomha ag an stát, tá os cionn 180 ball foirne fostaithe ag an nGailearaí agus cuireann sé rochtain phoiblí saor in aisce ar fáil 361 lá sa bhliain. In 2023, bhí muid bródúil as an gCaighdeán ‘Triple Lock’ a bhaint amach, a aithníonn barr feabhais i rialachas, trédhearcacht agus tiomsú airgid eiticíúil. Fuair an Gailearaí creidiúnú den chéad uair ó Údarás Náisiúnta um Chaighdeán na hÉireann (NSAI) faoi SWiFT 3000:2010 in 2017, agus rinneadh athnuachan air in 2024. Is muid an chéad institiúid chultúir in Éirinn a fuair deimhniú den sórt sin.

Mar institiúid neamhspleách faoin Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, tá an Gailearaí tiomanta d’ealaín a chur ar fáil do chách. Tagann ár struchtúr eagrúcháin le gráid agus scálaí pá na státseirbhíse, lena n-áirítear scálaí pá gairmiúla, teicniúla agus tionsclaíocha stáit, mar a d’ordaigh an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe.

Mar a cheanglaítear faoin Acht um Fhaisnéis faoin mBearna Phá idir na hInscní, 2021 agus faoi na Rialacháin um an Acht um Chomhionannas Fostaíochta 1998 (alt 20A) (Faisnéis faoi Bhearna Phá idir na hInscní) (Leasú), 2024, cuirtear i láthair sa Tuarascáil seo ár sonraí maidir leis an mbearna phá idir na hInscní do 2024, ag cur léargas trédhearcach ar fáil faoi na difríochtaí sa mheántuilleamh idir fostaithe fir agus fostaithe mná.

Is í 2024 an chéad bhliain a cheanglaítear ar an nGailearaí tuairisciú ar bhearna phá idir na hInscní.

Is é an 28 Meitheamh 2024 an dáta léargais do na sonraí seo. Clúdaíonn an tréimhse tuairiscithe an 12 mhí roimhe sin, ón 28 Meitheamh 2023 go dtí an 28 Meitheamh 2024.

Cuimsíonn an Tuarascáil seo sonraí do 153 fostaí faoin dáta léargais, 45% fir agus 55% mná. Ní chuimsíonn an t-iomlán seo fostaithe a roghnaigh gan eolas a thabhairt faoina n-inscne nó iad siúd a d’fhreagair nach fear ná bean a bhí iontu.

Léiríonn an anailís go bhfuil bearna phá de 0.91% idir na hInscní a oibríonn sa Ghailearaí, agus saothraíonn fir níos mó. Ciallaíonn sé seo, ar an meán, gur shaothraigh fir 0.91% níos mó, nó thart ar €0.24 níos mó in aghaidh na huaire, ná mná. Cuimsíonn an ráta in aghaidh na huaire bunráta pá agus ragobair. Ina theannta sin, léiríonn an meánphá, arb ionann é agus lárphointe an scála pá, bearna de 6.23% i bhfabhar fostaithe fir. Tugann sé seo le fios go saothraíonn fir 6.23% níos mó, nó €1.61 níos mó, ná mná ag lár an scála pá.

1. Torthaí Bearna Phá idir na hInscní

a) An Mheánbhearna Phá idir na hInscní

Is ionann an mheánbhearna phá idir na hinscní agus an meándifríocht phá idir fostaithe fir agus fostaithe mná. Ríomhtar é tríd an difríocht idir an meánráta in aghaidh na huaire a íoctar le fir agus an meánráta in aghaidh na huaire a íoctar le mná. Cuirtear an difríocht seo in iúl ansin mar chéatadán den mheánráta in aghaidh na huaire a fhaigheann fir.

Meánbhearna Phá idir na hInscní Iomlán

Meánbhearna Phá idir na hInscní:

0.91%


Meánráta in
aghaidh na huaire:

€27.28

d'fhir,

€27.04

do mhná



Léiríonn an mheánbhearna phá idir na hinscní de 0.91% buntáiste beag d'fhir maidir le meántuilleamh in aghaidh na huaire.

Meánbhearna Phá idir na hInscní Fostaithe Buana

I measc na foirne buana,
léiríonn na sonraí:

Meánbhearna Phá idir na hInscní:

-1.04%


Meánráta in
aghaidh na huaire:

€27.93

d'fhir,

€28.22

do mhná



Is é -1.04% an mheánbhearna phá idir na hinscní d'fhostaithe buana, bunaithe ar na meánrátaí pá in aghaidh na huaire d'fhostaithe fir agus fostaithe mná le linn na tréimhse pá ábhartha.

Meánbhearna Phá idir na hInscní Fostaithe Buana Páirtaimseartha

I gcás fostaithe buana páirtaimseartha, léirítear treocht difriúil maidir leis an mbearna phá idir na hInscní:

Meánbhearna Phá idir na hInscní:

10.39%


Meánráta in aghaidh na huaire:

€25.31

d'fhir,

€22.68

do mhná



Bunaithe ar an meánráta pá in aghaidh na huaire d'fhostaithe fir agus fostaithe mná sa tréimhse pá ábhartha, is é 10.39% an mheánbhearna phá idir na hInscní d'fhostaithe buana páirtaimseartha, agus saothraíonn fir níos mó.

Meánbhearna Phá idir na hInscní Fostaithe Sealadacha

I measc fostaithe sealadacha, léiríonn na sonraí:

Meánbhearna Phá idir na hInscní:

-35.69%


Meánráta in aghaidh na huaire:

€17.34

d'fhir,

€23.53

do mhná



Bunaithe ar an meánráta pá in aghaidh na huaire d'fhostaithe fir agus banfhostaithe sa tréimhse pá ábhartha, is é -35.69% an mheánbhearna phá idir na hInscní d'fhostaithe sealadacha, agus saothraíonn mná níos mó.

b) Bearna Phá Airmheánach idir na hInscní

Tá an bhearna phá airmheánach idir na hinscní bunaithe ar an difríocht idir an meánráta in aghaidh na huaire a íoctar le fostaithe fir agus an meánráta in aghaidh na huaire a íoctar le fostaithe mná, arna shloinneadh mar chéatadán den ráta airmheánach a íoctar le fostaithe fir in aghaidh na huaire.

Bearna Phá Airmheánach idir na hInscní Iomlán

Bearna Phá Airmheánach idir na hInscní:

6.23%


Ráta Airmheánach in aghaidh na huaire:

€25.91

d'fhir,

€24.30

do mhná



Is é 6.23% an bhearna pá airmheánach idir na hinscní, rud a léiríonn go bhfuil pá d'fhostaithe fir níos airde ag lárphointe tuillimh do gach fostaí.

Bearna Phá Airmheánach idir na hInscní Fostaithe Buana

Bearna Phá Airmheánach idir na hInscní:

-3.67%


Ráta Airmheánach in aghaidh na huaire:

€26.43

d'fhir,

€27.40

do mhná



De réir na rátaí pá airmheánacha in aghaidh na huaire d'fhostaithe fir agus fostaithe mná le linn na tréimhse pá ábhartha, is é -3.67% an bhearna phá idir na hinscní do bhaill foirne buana, agus saothraíonn mná níos mó.

Bearna Phá Airmheánach idir na hInscní Fostaithe Buana Páirtaimseartha

Bearna Phá Airmheánach idir na hInscní:

9.49%


Ráta Airmheánach in aghaidh na huaire:

€25.91

d'fhir,

€23.45

do mhná



Bunaithe ar an ráta airmheánach pá in aghaidh na huaire d'fhostaithe fir agus fostaithe mná sa tréimhse pá ábhartha, is é 9.49% an bhearna phá airmheánach idir na hinscní d'fhostaithe buana páirtaimseartha, agus saothraíonn fir níos mó.

Bearna Phá Airmheánach idir na hInscní Fostaithe Sealadacha

Bearna Phá Airmheánach idir na hInscní:

-6.58%


Ráta Airmheánach in aghaidh na huaire:

€16.73

d'fhir,

€17.83

do mhná



Léiríonn ár n-anailís ar na meánrátaí pá in aghaidh na huaire d'fhostaithe fir agus fostaithe mná le linn na tréimhse pá ábhartha gurb é -6.58% an bhearna phá airmheánach idir na hinscní d'fhostaithe sealadacha, agus saothraíonn mná níos mó.

c) Ceathairíleanna Pá

Seo a leanas dáileadh na bhfostaithe fir agus na bhfostaithe mná ar fud na gceathairíleanna pá:

Ceathairíl	Fir (%)	Mná (%)
Ceathairíl íochtarach	28.57%	71.43%
Meáncheathairíl íochtarach	70.59%	29.41%
Meáncheathairíl uachtarach	57.14%	42.86%
Ceathairíl uachtarach	31.43%	68.57%

Tá a lán fostaithe mná sna ceathairíleanna pá íochtaracha agus uachtarach, agus tá fostaithe fir níos coitianta sna meáncheathairíleanna lárna. Léiríonn an dáileadh seo ionadaíocht chothrom ag leibhéil éagsúla pá, le réimsí le feabhsú sna raonta meánphá.

d) Luach saothair bónaís agus sochair chomhchineáil

Mar eagraíocht san earnáil phoiblí, ní chuireann an Gailearaí bónaís ná sochair chomhchineáil ar fáil; mar sin, ní thuairiscítear aon sonraí faoi na critéir seo.





Frans Snyders (1579-1657)
A Banquet Piece, late 1620s
NGI.811

2. Anailís agus Príomhléargais

a) Cúinsí a bhí leis

Dáileadh Ról agus Leithscaradh Ceirde

Tugann na difríochtaí in ionadaíocht inscne ar fud ceathairleanna pá le fios go bhfuil fostaithe fir agus fostaithe mná dailte go míchothrom i ról a bhfuil scálaí pá éagsúla acu. Tá go leor leor fostaithe mná sna ceathairleanna pá íochtaracha agus uachtaracha, agus tá fostaithe fir níos coitianta sna meáncheathairleanna lárnacha. D'fhéadfadh an braisliú seo a léiriú go bhfuil níos mó fostaithe mná i bpoist sa líne thosaigh nó poist bhunleibhéil agus i ról speisialtóra nó bainistíochta ardleibhéil. Ag an am céanna, tá níos mó fear i bpoist mheánleibhéil, mar shampla ról theicniúla nó oibríochtúla.

Obair Pháirtaimseartha agus Socruithe Solúbtha

Léiríonn an mheánbhearna phá idir na hinscní d'fhostaithe buana páirtaimseartha (10.39% i bhfabhar fostaithe fir) difríochtaí i meánfhad na seirbhíse agus sna cineálacha ról atá ag fostaithe fir agus ag fostaithe mná.

- **Fostaithe Mná Páirtaimseartha:** Is é 8.7 bliana an meánfhad seirbhíse d'fhostaithe mná páirtaimseartha. Tá na fostaithe seo ar shé scála pá bunleibhéil, iad uile laistigh den raon meánphá íochtarach agus meánphá uachtarach, le tuarastail tosaigh idir €29,297 agus €37,583.

- **Fostaithe Páirtaimseartha Fir:** Is é 13 bliana an meánfhad seirbhíse d'fhostaithe páirtaimseartha fir. Tá na fostaithe seo ar thrí scála pá bunleibhéil, laistigh den raon meánphá íochtarach agus meánphá uachtarach freisin, le tuarastail tosaigh idir €31,682 agus €36,044.

Mar gheall ar a meánfhad seirbhíse níos faide, tá fostaithe fir suite níos airde ar a scálaí pá faoi seach ná fostaithe mná. Is é an difríocht seo i ndul chun cinn pá an príomhrud atá taobh thiar den bhearna phá a tugadh faoi deara.

Treochtaí Fostaíochta Sealadaí:

Tugann an bhearna phá shuntasach dhiúltach idir na hinscní (-35.69% don mheán agus -6.58% don airmheán) i measc fostaithe sealadacha le fios go bhfuil ról ag fostaithe mná sealadacha le pá níos airde in aghaidh na huaire. Léiríonn sé seo go bhfuil níos mó fostaithe mná ag glacadh le ceannaireacht shealadach nó le poist le hoiliúint speisialaithe ná fostaithe fir i ról shealadacha.

Rannpháirtíocht Fostaithe i Nochtadh Inscne:

Léiríonn ráta freagartha 82% i nochtadh inscne bearna maidir le sonraí iomlána an fhórsa saothair a ghabháil. Cé go bhfuil an ráta freagartha seo réasúnta ard, seans nach léiríonn sé fórsa saothair an Ghailearaí ina iomlán. Beidh sé mar aidhm againn feabhas a chur ar an ráta freagartha seo i dTuarascáil ar an mBearna Phá idir na hinscní gach bliain.



John George Mulvany (c.1766-1838)
View of Kilmallock
NGI.991

b) Dul chun cinn agus tionscnaimh

Tá an Gailearaí tiomanta do chearta an duine agus comhionannas a chomhcheangal i ngach rud a dhéanann muid, croíchuspóir inár bPlean Straitéiseach 2024-2028. Chuir muid fáilte roimh ár gcéad Bhainisteoir Comhionannais, Éagsúlachta agus Ionchuimsithe in 2024, a chabhróidh le cultúr níos cuimsithí a chur chun cinn agus a chur i bhfeidhm go daingean laistigh den Ghailearaí.

I measc na bpríomhthionscnamh tá:

- **Cleachtais Earcaíochta:** Tugaimid tús áite do chomhdheiseanna trí theanga neodrach ó thaobh inscne de i sainchuntais phoist agus trí phróiseas agallaimh atá cothrom ó thaobh inscne de. Cloíonn gach próiseas earcaíochta leis an Reachtaíocht um Chomhionannas Fostaíochta.
- **Polasaithe agus Timpeallacht Oibre:** Dearbhaíonn ár bPolasaí chun na Dínite san Ionad Oibre ár dtiomantas d'ionad oibre measúil agus tugann sé aghaidh ar ghearáin, lena n-áirítear iad siúd atá bunaithe ar inscne. Ina theannta sin, is sínitheoir de chuid Sábháilte le Cruthú muid, tionscnamh chun na Dínite san Ionad Oibre atá á bhainistiú ag Institiúid Amharclannaíochta na hÉireann thar ceann na Roinne Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán agus i gcomhpháirtíocht leis an gComhairle Ealaíon, Fís Éireann agus Minding Creative Minds.
- **Roghanna Solúbtha Oibre agus Saoire:** I measc na roghanna solúbtha atá againn tá saoire cúramóirí, saoire thuismitheoireachta, saoire do thuismitheoirí, sosanna gairme, socruithe bliana oibre níos giorra agus comhroinnt oibre.
 - Ina theannta sin, is féidir le fostaithe saoire mháithreachais, saoire atharthachta agus saoire uchtaíthe íoctha a fháil.
 - Cuirimid socruithe oibre cumaisc ar fáil freisin, ag cur meascán de roghanna oibre ar fáil san oifig agus sa bhaile.
- **Dul chun cinn gairme:** Íoctar fostaithe de réir scálaí tuarastail incriminteacha le deiseanna forbartha gairme a thagann chun cinn in éineacht le riachtanais eagraíochtúla agus cuspóirí straitéiseacha an Ghailearaí.



3. Ag féachaint chun cinn

Tá an Gailearaí tiomanta fós do thimpeallacht chothrom a chruthú inar féidir le gach fostaí a bheith faoi bhláth. Cé go léiríonn na sonraí seo maidir leis an mbearna phá idir na hinscní ár ndul chun cinn, aithnímid deiseanna chun aghaidh a thabhairt ar bhearnaí ar leith - go háirithe i measc foirne páirtaimseartha - agus táimid tiomanta d'athruithe suntasacha a chur i bhfeidhm chun comhionannas inscne níos mó a chinntiú ag gach leibhéal.

Cheadaigh Bord Gobharnóirí agus Caomhnóirí Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann an Tuarascáil seo ar an **12 Nollaig 2024**.

Mainie Jellett (1897-1944)
An Abstract Composition
NGI.4317





Luaite le Jacob Xavery (1736-after 1771)
A Garland of Flowers Hanging from a Bough, c.1760
NGI.50